Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Márta 2022
(OR. fr, en)

6406/1/22
REV 1

LIMITE

JAI 216
FREMP 36

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le ciníochas agus frithsheimíteachas a chomhrac<br>= *Formheas* |

Tá comhrac an chiníochais agus an fhrithsheimíteachais ar cheann de thosaíochtaí polaitiúla Uachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh mar a leag Uachtarán na Poblachta amach iad an 9 Nollaig 2021.

Chun na críche sin, d'ullmhaigh an Uachtaránacht dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le ciníochas agus frithsheimíteachas a chomhrac mar obair leantach ar an bplean gníomhaíochta in aghaidh an chiníochais agus ar an straitéis maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, a ghlac an Coimisiún in 2020 agus in 2021.

Ag tógáil ar an obair a rinne an Chomhairle go dtí seo sna réimsí sin, bhí sé de rún ag an Uachtaránacht cur chuige cuimsitheach a roghnú lena gcuirfí san áireamh na cosúlachtaí idir an dá fheiniméan sin gan a ngnéithe faoi seach a shéanadh.

Cuireadh na dréachtchonclúidí faoi bhráid na dtoscaireachtaí le linn an chruinnithe den Mheitheal um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Shaorghluaiseacht Daoine a bhí ar siúl an 10 Eanáir 2022. Ina dhiaidh sin, i bhfianaise na mbarúlacha i scríbhinn ó na toscaireachtaí, chuir an Uachtaránacht dréachtchonclúidí athbhreithnithe faoi bhráid na Meithle, i ndiaidh a chéile, an 28 Eanáir agus an 16 Feabhra 2022. Ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Feabhra 2022, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir le beagnach gach cuid de théacs athbhreithnithe na gconclúidí, gan ach roinnt pointí fós á bplé.

Ag na cruinnithe a bhí aige an 23 Feabhra agus an 2 Márta 2022, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe téacs na gconclúidí mar a leagtar amach in 6226/22 iad. Tháinig sé ar chomhaontú maidir le téacs na gconclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle téacs na gconclúidí maidir le cinéochas agus frithsheimíteachas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 3 agus an 4 Márta.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
## maidir le ciníochas agus frithsheimíteachas a chomhrac

**Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh**

a. **AG FÉACHAINT DON** Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an brollach agus Airteagail 2, 3(3) agus 6 de;

b. **AG FÉACHAINT DON** Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 10 agus 19 de;

c. **AG FÉACHAINT DO** Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe Airteagail 1, 2, 3, 5, 6, 7, 10, 20, 21, 22, 51 agus 52 di;

d. **AG FÉACHAINT DO** Threoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach;

e. **AG FÉACHAINT DO** Chinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil;

f. **AG FÉACHAINT DO** Threoir 2012/29/AE lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, lena luaitear go sonrach íospartaigh na coireachta fuatha;

g. **AG FÉACHAINT DO** na Conclúidí ón gComhairle an 6 Nollaig 2013 maidir leis an bhfuathchoireacht a chomhrac san Aontas Eorpach;

h. **AG FÉACHAINT DON** dearbhú ón gComhairle an 6 Nollaig 2018 maidir le comhrac an fhrithsheimíteachais agus cur chuige coiteann maidir leis an tslándáil a fhorbairt ionas gur fearrde an chosaint a thabharfar do phobail agus institiúidí Giúdacha san Eoraip agus i bhfianaise an dearbhaithe ón gComhairle an 2 Nollaig 2020 maidir le comhrac an fhrithsheimíteachais a phríomhshruthú i ngach réimse beartais;

i. **AG FÉACHAINT DO** Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an bhFrithchiníochas 2020-2025 a thíolaic an Coimisiún an 18 Meán Fómhair 2020;

j. **AG FÉACHAINT DO** straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, a thíolaic an Coimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2021;

k. **AG FÉACHAINT DO** na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Deireadh Fómhair 2021 ós díol sásaimh di Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú agus ag tabhairt dá haire gur meabhraíodh d'Fhóram Idirnáisiúnta Malmö maidir le Cuimhneachán ar an Uileloscadh agus don Chomhrac in aghaidh an Fhrithsheimíteachais an 13 Deireadh Fómhair 2021 nach mór ár seacht ndícheall a dhéanamh chun gach cineál frithsheimíteachais, ciníochais agus seineafóibe a chomhrac;

l. **AG FÉACHAINT DON** teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A more inclusive and protective Europe: extending the list of EU crimes to hate speech and hate crime* [Eoraip níos cuimsithí agus níos cosanta: liosta de choireanna an Aontais a leathnú chuig fuathchaint agus fuathchoireacht], a tíolacadh an 9 Nollaig 2021;

m. **Á MHEABHRÚ GO SOLLÚNTA DI** gur aontas dlí é an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna comhroinnte lena n-áirítear an meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an comhionannas, an daonlathas, an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad; Tá sé glactha mar chúram ag na Ballstáit na cearta agus na saoirsí a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint a rathú do gach duine faoina ndlínse agus chun a áirithiú gur cearta agus saoirsí uilíocha, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta agus saoirsí bunúsacha an duine;

n. **DE BHRÍ GO** gcuireann an tAontas Eorpach sochaí chun cinn ina bhfuil an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas i réim; dá bhrí sin, agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á sainiú agus á gcur chun feidhme aige, tá sé d'aidhm ag an Aontas idirdhealú bunaithe ar aon fhoras mar a shonraítear in Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha a chomhrac;

o. **DE BHRÍ GO** gcosnaítear *inter alia* comhionannas le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, atá ina ceangal ar institiúidí an Aontais agus na Ballstáit nuair atá dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, an ceart chun dínite, an ceart chun na beatha, an ceart chun measa ar an bpríobháideacht agus ar saol an teaghlaigh, saoirse smaointeoireachta, coinsiasa agus reiligiúin, agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh;

p. **DE BHRÍ GURB** ionann na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 de CAE agus féiniúlacht an Aontais Eorpaigh, tá lámh láidir ag Comhairle an Aontais Eorpaigh sna luachanna sin, agus is faoi institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh atá sé, chomh maith leis na Ballstáit, na luachanna sin a urramú agus a ráthú go hiomlán;

q. **AG CÁINEADH DI** an t-ardú scáfar atá ag teacht ar eachtraí ciníocha agus frithsheimíteacha i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an ngéarú atá tagtha ar an bhfuathchoireacht agus ar an bhfuathchaint chiníoch agus fhrithsheimíteach, ar shéanadh agus saobhadh an Uileloiscthe, agus miotais chomhcheilge, ar líne agus as líne, go háirithe i gcomhthéacs phaindéim Covid-19;

r. **AG CÁINEADH DI** go bhféadfadh go dtarlódh agus go bhféadfadh sé gur tharla cineálacha antoisceachais fhoréignigh agus sceimhlitheoireachta mar thoradh ar an gciníochas agus an frithsheimíteachas;

s. **AG FÉACHAINT DON** obair atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe Chomhairle na hEorpa (ECRI), go háirithe Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 1 maidir leis an gciníochas, an tseineafóibe, an frithsheimíteachas agus an éadulaingt a chomhrac a glacadh an 4 Deireadh Fómhair 1996, agus Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 9 maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chosc agus a chomhrac a glacadh an 25 Meitheamh 2004 agus a leasaíodh an 1 Iúil 2021;

t. **AG FÉACHAINT DON** Rún ó na Náisiúin Aontaithe um chearta an duine agus saoirsí bunúsacha mhuintir na hAfraice agus daoine de bhunadh Afracach a chur chun cinn agus a chosaint i gcoinne úsáid iomarcach an fhornirt agus sáruithe eile ar chearta an duine ag oifigigh forfheidhmithe dlí trí athrú ó bhonn ar an gcóir chiníoch agus an comhionannas ciníoch an 13 Iúil 2021, agus an Rún ó na Náisiúin Aontaithe maidir le séanadh an Uileloiscthe an 20 Eanáir 2022;

u. **Á THABHAIRT DÁ hAIRE**, cé go gcuireann an t-idirlíon agus na meáin shóisialta spásanna nua ar fáil don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, is féidir úsáid a bhaint astu freisin chun scaipeadh ábhar ciníoch agus frithsheimíteach a chumasú, lena gceadaítear cineálacha nua géarleanúna, ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí, agus cineálacha nua gríosaithe chun foréigin fhisiciúil agus shíceolaíoch, fad a bhíonn anaithnideacht ag a ndéantóirí ciona agus go mothaíonn siadsan, dá bhrí sin, go bhfuil siad saor ó phionós;

v. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** na tionscnaimh ón gCoimisiún Eorpach arna gcur in iúl i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an bhFrithchiníochas, eadhon, Foghrúpa a chruthú i dtaca le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchiníochas 2020-2025 ar an leibhéal náisiúnta, ina dtugtar le chéile ionadaithe na mBallstát agus buanfhóram an Aontais maidir le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhaineann leis an bhfrithchiníochas;

w. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** tionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh arna gcur in iúl i straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, eadhon, buanstruchtúr a chruthú ina dtugtar le chéile na Ballstáit, ionadaithe na bpobal Giúdach agus páirtithe leasmhara ábhartha i bhfoirm meithle i ndáil leis gcaoi chun an straitéis maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú a chur chun feidhme, agus fóram bliantúil na sochaí sibhialta a eagrú maidir leis an bhfrithsheimíteachas;

x. **ÓS DÍOL SÁSAIMH DI** an obair atá á déanamh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha chun sonraí a bhailiú maidir leis an gciníochas agus leis an bhfrithsheimíteachas agus go háirithe a cuid forléargas bliantúil ar eachtraí fhrithsheimíteacha a taifeadadh san Aontas Eorpach agus a tuarascáil *Being Black in the EU* [Saol an Duine Ghoirm san Aontas Eorpach] a foilsíodh an 28 Samhain 2018;

y. **DE BHRÍ GUR** feiniméin iad an ciníochas agus an frithsheimíteachas lena séantar comhionannas idir daoine aonair, in ainneoin a saintréithe ar leith nach féidir a shéanadh; tá siad chomh bagrach céanna ar ár sochaithe agus is gá freagairtí daingne polaitiúla a thabhairt orthu araon, freagairtí ar cheart dóibh na sainiúlachtaí faoi seach chomh maith leis na gnéithe comhchoiteanna atá eatarthu a chur san áireamh;

z. **AGUS IARRACHT Á DÉANAMH** lena áirithiú go ndéanfaidh an Chomhairle an obair leantach iomchuí agus rialta, lena gcuirfear san áireamh tuarascálacha faireacháin an Choimisiúin agus ionchuir ó na Ballstáit mar a fhoráiltear i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an bhFrithchiníochas agus i Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú.

**Agus prionsabal na coimhdeachta á chur san áireamh aici, iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

1. Pleananna gníomhaíochta agus/nó straitéisí náisiúnta A FHORBAIRT, agus féachfaidh siad leosan a dhéanamh faoi dheireadh 2022 mar a bheartaítear i bPlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an bhFrithchiníochas a ghlac an Coimisiún Eorpach an 18 Meán Fómhair 2020 agus i Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, a ghlac an Coimisiún Eorpach an 5 Deireadh Fómhair 2021;

2. Na sainmhínithe oibre neamhcheangailteacha ar an bhfrithsheimíteachas agus ar shéanadh agus saobhadh an Uileloiscthe **A FHORMHUINIÚ AGUS A ÚSÁID**, ar sainmhínithe iad a ghlac an Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chuimhne ar an Uileloscadh mar threoir úsáideach chun críocha oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha;

3. **AIRD A THARRAINGT** i measc an phobail ar an troid i gcoinne gach cineál ciníochais agus frithsheimíteachais, trí sheasamh leis an dualgas chun cuimhneamh ar íospartaigh an fhoréigin chiníoch agus fhrithsheimítigh agus na gcoireanna fuatha, lena n-áirítear oideachas a chur ar fáil maidir le léirithe stairiúla agus comhaimseartha an chiníochais, maidir leis an sclábhaíocht agus maidir leis an Uileloscadh, agus maidir leis an gcaoi arbh é an frithsheimíteachas ba chúis leis an bhforéigean sin;

   I ndáil leis sin, dátaí ábhartha maidir leis an gciníochas agus frithsheimíteachas a chomóradh , amhail an Lá Cuimhneacháin Idirnáisiúnta ar an Uileloscadh, an Lá Cuimhneacháin Eorpach ar Uileloscadh na Romach, an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh Idirdhealú Ciníoch nó an Lá Idirnáisiúnta um Chealú na Sclábhaíochta, ionaid chuimhneacháin a chur chun cinn agus tionscnaimh a spreagadh chun íospartaigh na ngníomhartha ciníocha agus frithsheimíteacha sin a chomóradh;

4. Oideachas, taighde agus eolas ar bheatha Ghiúdach, ar an bhfrithsheimíteachas agus ar an Uileloscadh, chomh maith le ciníochas agus sclábhaíocht **A CHUR CHUN CINN**, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de;

5. **MACHNAMH A DHÉANAMH**, laistigh de Ghrúpaí Ardleibhéil an Choimisiúin maidir le fuathchaint agus fuathchoireacht agus maidir le neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht, agus i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, ar mhodheolaíocht chomhchoiteann a fhorbairt chun teagmhais chiníocha agus frithsheimíteacha a chainníochtú agus a cháiliú agus iad a chur i gcomparáid le himeacht ama agus idir na Ballstáit;

6. **A ÁIRITHIÚ** i ndáil le comhordaitheoirí náisiúnta nó sásraí comhordúcháin chun an ciníochas agus an frithsheimíteachas a chomhrac, comhlachtaí agus institiúidí poiblí, comhlachtaí comhionannais agus geallsealbhóirí ábhartha, amhail na comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus grúpaí lena mbaineann, go mbeidh dlúthchomhar eatarthu chun bearta coisctheacha a fhorbairt agus éifeachtacht na mbeart sin a mheas;

7. Institiúidí náisiúnta um chearta an duine **A BHUNÚ** i gcomhréir le prionsabail Pháras, agus tacú le comhlachtaí comhionannais stóinsithe, creat reachtach a ghlacadh a chuirfidh ar a gcumas a ról a chomhlíonadh go neamhspleách, agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh chun a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach;

8. Cultúr arb iad a phríomhthréithe an chaoinfhulaingt, an chuimsitheacht agus an urraim fhrithpháirteach, ar líne agus as líne, **A CHUR CHUN CINN** i gcomhréir leis an gceart chun tuairimí a nochtadh, go háirithe trí chultúr tuisceana a chothú agus trí úsáid léirithe steiréitipiciúla diúltacha daoine aonair agus grúpaí agus miotais chomhcheilge, ar an gcúis go mbaineann siad le grúpaí eitneacha nó reiligiúnacha, bíodh siad fíor nó braite, a dhíspreagadh;

9. Na meáin éagsúla, go háirithe na meáin shóisialta, na hearnálacha teicneolaíochta agus cumarsáide **A ÁITIÚ** cóid iompair a comhaontaíodh ar an leibhéal Eorpach a chur chun feidhme agus a ngealltanas prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe a urramú, mar aon leis an gceart chun tuairimí a nochtadh agus an ceart chun faisnéise, agus iad a áitiú réitigh a fhorbairt agus a ghlacadh lena gcuirfear ar a gcumas fuathchaint neamhdhleathach ar líne de chineál ciníoch agus frithsheimíteach i measc nithe eile a bhrath, a mheas agus a bhaint go tapa;

10. Cumas na n-údarás náisiúnta imscrúdaitheacha agus breithiúnach a neartú chun coireanna fuatha agus fuathchainte neamhdhleathacha ar líne a ionchúiseamh, i gcomhréir le saoirse cainte, lena n-áirítear trí bhearta a bhunú amhail ionaid náisiúnta faireacháin ar líne agus ardáin inar féidir le daoine ábhar fuathach a thuairisciú;

11. **DLÚS A CHUR LENA N-IARRACHTAÍ** slándáil daoine a bhaineann le grúpaí a ndéanann gníomhartha ciníochais agus frithsheimíteachais difear dóibh a áirithiú, chomh maith le slándáil timpeall ar institiúidí reiligiúnacha, ionaid adhartha agus scoileanna admhaithe, lena n-áirítear le linn imeachtaí cultúrtha nó reiligiúnacha;

12. Gach cineál idirdhealaithe atá bunaithe ar bhunús eitneach nó ar chreideamh reiligiúnach fíor nó braite **A CHÁINEADH**; freagairt bhreithiúnach leordhóthanach a áirithiú lena gcomhlíontar Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil;

13. **A ÁIREAMH** san oiliúint thosaigh agus san oiliúint leanúnach a thugtar d’údaráis forfheidhmithe dlí agus d’údaráis bhreithiúnacha, de réir mar is iomchuí, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, ábhar maidir le hidirdhealú a chomhrac atá bunaithe ar bhunús eitneach, ar chreidimh reiligiúnacha nó ar chúlra cultúrtha, fíor nó braite, agus dea-chleachtais a fhorbairt chun íospartaigh a shainaithint agus chun tacú leo, agus leas á bhaint, i measc nithe eile, as obair na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha agus CEPOL nuair is gá;

14. **A MHOLADH** d'íospartaigh agus finnéithe gach teagmhas ciníoch agus frithsheimíteach na teagmhais sin a thuairisciú agus gearán a thaisceadh, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as modhanna digiteacha, agus an próiseas gaolmhar á éascú ag an am céanna trí fheachtais shonracha faisnéise agus feasachta a chur ar bun, agus cúnamh a thabhairt, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch, shóisialta agus ábhartha, i gcás inar gá, agus a áirithiú go ndéanfar na tuarascálacha sin a imscrúdú;

15. Gach beart iomchuí **A DHÉANAMH** chun cúiteamh leordhóthanach a áirithiú don díobháil a d'fhulaing íospartaigh teagmhas ciníoch agus frithsheimíteach a dhéantar a choiriúlú sna Ballstáit;

16. Tacaíocht **A CHUR AR FÁIL** do thionscnaimh na sochaí sibhialta, tacaíocht airgeadais san áireamh, chun cúnamh a thabhairt d'íospartaigh na dteagmhas sin le linn na bpróiseas tuairiscithe agus cúitimh;

**Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,**

17. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** na tionscnaimh ón gCoimisiún agus go háirithe:
    - gur ceapadh, i mí na Nollag 2015, Comhordaitheoir um fhrithsheimíteachas a chomhrac, agus gur ceapadh, in 2021, Comhordaitheoir um chiníochas a chomhrac;
    - gur bunaíodh Grúpa Ardleibhéil an Aontais um fhuathchaint agus fuathchoireacht a chomhrac;
    - gur cruthaíodh Grúpa Ardleibhéil an Aontais um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht;
    - gur cruthaíodh an Foghrúpa i dtaca le cur chun feidhme náisiúnta phlean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an bhfrithchiníochais;
    - gur cruthaíodh meitheal chun straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú a chur chun feidhme;
    - Cód Iompair an Aontais Eorpaigh maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac.

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

18. **SEASAMH LEIS** an troid i gcoinne gach cineál ciníochais agus frithsheimíteachais mar thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh agus tacú leis na Ballstáit chun a áirithiú go bhforbrófar caighdeáin lena dtugtar cosaint chuimsitheach ar an gciníochas agus ar an bhfrithsheimíteachas;

19. **A ÁIRITHIÚ** go dtabharfar dóthain acmhainní daonna agus airgeadais don Chomhordaitheoir um chiníochas a chomhrac, don Chomhordaitheoir um fhrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, chun a gcuid ról a chomhlíonadh ina n-iomláine, agus go ndéanfar idirphlé rialta leis na geallsealbhóirí;

20. Tuilleadh deiseanna cistiúcháin **A MHOLADH**, faoi chuimsiú theorainneacha an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil, chun cabhrú le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine, le comhlachtaí comhionannais agus le comhlachtaí agus institiúidí poiblí eile, saineolas a fhorbairt maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, i gcomhréir leis an Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas a neartú;

21. **TACÚ** le fothú acmhainneachta na n-údarás áitiúil agus eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear ó thaobh maoiniúcháin de, sa troid i gcoinne an chiníochais agus an fhrithsheimíteachais, go háirithe trí iad a spreagadh chun tionscadail a fhorbairt lena ndírítear ar chomhtháthú sóisialta a mhéadú amhail idirghabháil, réiteach coinbhleachtaí agus idirphlé idirchreidimh;

22. Nuashonruithe **A CHUR AR FÁIL** maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta an Aontais um an bhFrithchiníochas agus Straitéis an Aontais maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, agus maidir le tionscnaimh náisiúnta ghaolmhara i ndáil leis sin, trí thuarascálacha eatramhacha ina bhfuil anailís agus torthaí a fhoilsiú.